

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Miontuairiscí chruinniú Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL) a tionóladh ar MS Teams agus trí ghlaio comhdhála.

Cruinniú: 4:30 i.n., an 15 Samhain 2021

I láthair: An Clr. Kazi Ahmed, an Clr. Cathal Boland, an Clr. Michael Clark, an Clr. Brigid Manton, An Clr. Yvonne Collins, an Clr. Pamela Conroy, Anne Genockey, Daneve Harris, an Clr. Peter Kavanagh, an Clr. Pamela Kearns, Colm Kilgallon, Claire Markey, Gerry McGuire, an Clr. Joe Newman, Brendan O'Halloran, Ken Farrell.

Leithscéalta: An Clr. Una Power, an Clr. John Walsh

As láthair: An Clr. Ed O'Brien

I láthair: Caitriona Murphy, POF; Debbie Howlett, Stiúrthóir na Rannóige Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta; Adrian Flynn, Stiúrthóir Scoileanna, Noel Kelly, Stiúrthóir Scoileanna, Siobhan Lynch, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna, Emma Maloney, Cúntóir Pearsanta le SMT.

Doiciméid:

Arna nUaslódáil go Leictreonach

Fáilte

Chuir an Cathaoirleach, an Clr. Joe Newman, fáilte roimh gach duine chuig an gcruinniú.

Tugadh na leithscéalta ar aird

Comhbhrón

Rinneadh comhbhrón le teaghlaigh bhaill foirne ar bhásaigh duine muinteartha leo le mí anuas.

1. Coinbhleachtaí Leasa a Chur in Iúl

Níor cuireadh aon choinbhleachtaí in iúl

2. Ábhair le Réiteach ag an mBord

Miontuairiscí Faomhadh miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin a bhí ar siúl ar an 17 Deireadh Fómhair 2021.

Molta: An Clr. Cathal Boland

Cuidithe: An Clr. Brigid Manton

3. Ábhair le tabhairt ar aird ag an mBord

Coistí an Bhoird Tugtha ar Aird

4. Ábhair arna gCur faoi Bhráid ag an bhFeidhmeannas

Tuarascáil an POF – Dé Luain an 15 Samhain 2021

Agus sinn ag feidhmiú fós ar aon dul le comhairle sláinte poiblí agus rialtais, lena n-áirítear comhairle ón Roinn Oideachais agus ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, tá scoileanna/coláistí agus ionaid fós ag feidhmiú de réir na dtreoirilínte iomchuí. Tá cruinnithe fós á dtionól ar líne ar aon dul le comhairle ón rialtas. De réir na treoraíochta ón tseachtain seo caite, moltar d'fhoireann na Ceannoifige oibriú ón mbaile nuair is féidir sin agus leanfaimid orainn ar bhealach an-chúramach agus céimnithe de réir mar a dhéanaimid forbairt agus comhairliúchán ar Bheartas um Chianobair agus ar Bheartas um an gCeart chun Dícheangal a Dhéanamh agus iarracht á déanamh againn maireachtáil le COVID fad a dhéanaimid athcheangal lena chéile chun díriú ar theagasc agus foghlaim inár suíomhanna go léir.

Aithním ceannaireacht Stiúrthóirí Scoileanna, TFE agus BOaO agus na foirne go léir. Is mian liom deascála a roinnt libh, gur chuir Nichola agus Thomas fáilte roimh a n-iníon álainn, Saorlaith Rose Keane an tseachtain seo caite; tá siad go léir ag déanamh go maith. Fearaim fáilte roimh Noel Kelly a ghlacfaidh ról an Stiúrthóra Scoileanna fad a bheidh Nichola ar shaoire mháithreachais. Is Príomhoide CP an Ghrifín é Noel, a thosaigh an tseachtain seo caite agus a chuirfidh é féin in aithne daoibh ar ball. Tabharfaidh an Fhoireann Ardbhainistíochta tacaíocht do Noel le linn a thréimhse ionduchtaithe. Ghlac an Leas-phríomhoide, Edel Morrow, le post an Phríomhoide. Guímid gach rath ar gach duine ina ról nua.

Sna míonna amach romhainn, beimid ag obair ar ár Ráiteas Straitéise; beidh Rosemarie McGill ina príomhoifigeach forbartha ag obair leis an bhFoireann Ardbhainistíochta agus tá cuideachta darb ainm Mazars faighte againn chun tacú linn. Beidh siad i dteagmháil libh go léir sna seachtainí amach romhainn.

Maidir leis na tuarascálacha TFE, is mian linn a chinntiú go mbeidh go leor ama againn do na nuashonruithe i ndáil le Foirgnimh, Acmhainní Daonna agus Airgeadas. Labhróidh Debbie libh fúthu sin. Roimhe sin, tabharfaidh an Stiúrthóir TFE (Siobhan Lynch) nuashonrú daoibh, tabharfaidh Adrian nuashonrú daoibh ar thuarascáil na Stiúrthóirí Scoileanna agus cuirfidh Noel é féin in aithne daoibh.

Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna

Athoscailt coláistí agus ionad BOaO

Tá treoraíocht ó BOOÉ agus ó Ghrúpa Oibre Pháirtithe Leasmhara BOaO á leanúint ag coláistí agus ionaid BOaO i BOOÁCDL i gcónaí, lena n-áirítear an “Ráiteas ar Fhilleadh Sábháilte BOaO.” An sprioc atá againn ná díriú ar leas agus ar shábháilteacht ar bhfoghlaimoirí agus ár bhfoirne fad a éascófar rochtain ar na hionaid don líon is airde mac léinn agus is féidir freastal orthu go sábháilte ar an láthair faoi na srianta reatha.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

An tAthbheithniú Tosaigh

Tá foireann BOaO um Dhearbhú Cáilíochta i mbun ullmhúcháin don chéad athbheithniú seachtrach ar chórais BOaO maidir le dearbhú cáilíochta. Tá an Phróifíl ar Sholáthróirí agus an Tuarascáil Féinmheasúnaithe á dtabhairt chun críche faoi láthair ag an Aonad um Dhearbhú Cáilíochta, Pleanáil agus Straitéis. Is doiciméad cuimsitheach a bheidh sa Tuarascáil Féinmheasúnaithe, bunaithe ar aiseolas ó bhaill foirne, foghlaimeoirí agus páirtithe leasmhara eile, agus ar thaithí daoine ar bheith ag obair/ag foghlaim le BOOÁCDL. Beidh an Tuarascáil mar bhonn faisnéise do Phlean um Fheabhsú Cáilíochta amach anseo.

An Ciste um Míbhuntáiste Oideachasúil a Mhaolú (MAEDF): Babhta 2

Tionóladh Babhta 2 den MEADF i mí na Samhna agus mar thoradh air, rinne roinnt iarratasóirí inmheánacha iarratas ar chistiú do thionscadail chun míbhuntáiste oideachasúil a mhaolú. D'fhormheas an Painéal Formheasta €30,000 breise. Cuirfear an toradh in iúl do na hionaid/scoileanna a n-éireoidh leo chomh luath agus a dheimhníonn SOLAS leithdháileadh an chistithe sin do na hiarratais rathúla.

Is féidir iarratais ar chlár BOaO a dhéanamh tríd an CAO anois

D'oiibrigh foireann pleanála BOaO le BOOÉ agus an CAO ar thionscadal píolótach lena chinntiú gur féidir iarratas ar chlár ar leibhéal 5 & 6 a sholáthraítear i gcoláistí agus ionaid BOaO agus atá dírithe ar fhágáilithe scoile a dhéanamh tríd an CAO in 2022. Tá an CAO oscailte d'iarratais le haghaidh 2022 anois agus tá 37 gclár iar-Ardeistiméireachta BOOÁCDL ar fáil ar an CAO anois agus iad níos inrochtana don chohórt sin.

Comhaontú Feidhmíochta Straitéiseach nua le SOLAS 2022-2024

Cuirfear tús an tseachtain seo le comhairliúchán ar Chomhaontú Feidhmíochta Straitéiseach nua idir BOOanna, lena n-áirítear BOOÁCDL agus SOLAS le haghaidh 2022-2024. Beidh an comhaontú nua sin ar aon dul le Colúin Straitéise agus Straitéiseacha BOaO agus cumhdófar ann spriocanna agus torthaí nua. Is dócha go n-áireofar le spriocanna nua fócas ar thacú le fostaíocht dul chun cinn laistigh do BOaO, chomh maith le dul ar aghaidh chuig AOaO, cuimsiú grúpaí imeallaithe a chothú, deiseanna cur le scileanna ar feadh an tsaoil agus na gairme a sholáthar, chomh maith le fócas níos mó ar scileanna sonracha a fhorbairt maidir le hiarfheistiú, scileanna glasa, foirgníocht, agus líon níos airde áiteanna printíseachta. Tá spriocanna le tabhairt chun críche faoi dheireadh mhí na Nollag 2021. Comhaontaíodh na Comhaontuithe Feidhmíochta Straitéiseacha i mí Aibreáin 2021.

Stiúrthóirí Scoileanna

Thug Adrian Flynn nuashonrú ar na forbairtí is déanaí i scoileanna agus roinn sé an chéad eagrán den nuachtlitir leis an mBord. Chuir an Stiúrthóir Gníomhach Scoileanna, Noel Kelly, é féin in aithne do na comhaltaí boird.

Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta (TFE) - Tuarascáil TFE

Thug Debbie Howlett nuashonruithe ar an Tuarascáil Airgeadais agus ar an Tuarascáil Foirgneamh.

5.1 Tuarascáil Airgeadais Tugtha ar Aird

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE						
TUARASCÁIL AIRGEADAIS						
AN BHLIAIN GO DTÍ SEO Deireadh Fómhair 2021						
	Clár	Airgid Deontais Tosaigh Iarmhéid	Fáltais	Íocaíochtaí	Airgid Deontais Deiridh Iarmhéid	
		An 1 Eanáir 2021			An 31 Deireadh Fómhair 2021	
	IOMLÁN NA PRÍOMHSCÉIME MAR PHÁ	324,028	(97,355,537)	97,712,535	681,026	
	IOMLÁN NA PRÍOMHSCÉIME NEAMHPHÁ	(2,662,101)	(6,964,322)	6,588,207	(3,038,216)	
	AN tIOMLÁN A BHAINNEAN LEIS AN bPRÍOMHSCÉIM	(4,756,721)	(5,320,484)	2,986,646	(7,090,559)	
	IOMLÁN NA mBUNSCOILEANNA CAIPITEAL IOMLÁN	(799,874)	(1,716,843)	1,316,332	(1,200,385)	
	IOMLÁN NA nDEONTAS TRÍÚ LEIBHÉAL	(9,608,231)	(13,311,204)	11,858,635	(11,060,800)	
	IOMLÁN NA nDEONTAS TRÍÚ LEIBHÉAL	(171,666)	-	-	(171,666)	
	AN tIOMLÁN NACH mBAINEANN LEIS AN bPRÍOMHSCÉIM	(3,112,051)	(32,003,626)	31,939,133	(3,176,544)	
	IOMLÁN NA nIONAD OILIÚNA	(8,011,814)	(30,043,025)	24,891,447	(13,163,392)	
	IOMLÁN NA SEIRBHÍSÍ ÓIGE	(1,222,537)	(10,150,290)	8,463,302	(2,909,525)	
	IOMLÁN NA GNÍOMHAIREACHTA	(907,157)	(2,517,497)	3,054,965	(369,689)	
	IOMLÁN AN FHÉINMHAOINITHE	(6,860,848)	(8,573,581)	2,738,972	(12,695,457)	
	Iarmhéid Bainc	(37,788,972)	(207,956,409)	191,550,174	(54,195,207)	
	Bhí iarmhéid thart ar €54m sa chuntas bainc ag BOOÁC DL amháil ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2021					
	Tá na deontais bhreise seo a leanas faighte ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus SOLAS go dtí seo chun caiteachas a bhaineann le COVID-19 a chlúdach. Tá na deontais sin san áireamh sa Phríomhscéim Ghaolmhar,					
	Deontais Bunscóile, deontais nach mbaineann leis an bPríomhscéim, deontais Chaipitil agus nach mbaineann leis an bPríomhscéim sa tábla thuas.					
		Iarmhéid Tosaigh	Fáltais	Íocaíochtaí	Iarmhéid Deiridh	
Bainteach le PS	Deontas COVID19	0	0	0	0	
Bainteach le PS	DEONTAS LE CÚNTÓIR A FHOSTÚ IN AIMSIR COVID-19	(10,666)	10,300	366	0	
Bainteach le PS	DEONTAS TACAÍOCHTA GLANTACHÁIN COVID19	(27,499)	(395,288)	257,077	(165,710)	
Bainteach le PS	DEONTAS LE hAGHAIDH MAOIRSEACHT FHEABHSAITHE IN AIMSIR COVID19	(277,672)	(968,991)	671,566	(575,097)	
Bainteach le PS	DEONTAS LE hAGHAIDH DÍGHALRÁIN AGUS TCP IN AIMSIR COVID19	(175,277)	(729,399)	377,484	(527,192)	
Bunscóil	DEONTAS LE CÚNTÓIR A FHOSTÚ IN AIMSIR COVID-19	(3,638)	1,417	2,221	0	

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Bunscoil	DEONTAS TACAÍOCHTA GLANTACHÁIN COVID- 19	(52,978)	(95,770)	77,702	(71,046)
Bunscoil	DEONTAS LE hAGHAIDH DÍGHALRÁIN AGUS TCP IN AIMSIR COVID-19	(55,398)	(136,001)	107,533	(83,866)
Caipiteal	DEONTAS I LEITH MIONOIBREACHA COVID 19	(2,697,983)	0	1,317,704	(1,380,279)
BOaO	Forchostais COVID19	(176,053)	(209,125)	156,288	(228,890)

5.2 Tuarascáil ar na Foirgnimh Tugtha ar Aird

Tuarascáil ar an gClár Caipitil/Tógála

Mórhionscadail Chaipitil 2021

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Ainm & Seoladh an Tionscadail.	Ceantar.	Stádas/Nuashonrú Tionscadail.
Coláiste Pobail Bhaile Brigín, Iomaire na Giúise, Sráid an tSéipéil, Baile Brigín.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall	Tógáil Scoile nua, Céim 2B á hullmhú don Roinn Oideachais. Dáta críochnaithe measta Nollaig 2021
Coláiste Pobail Naomh Fhionáin, Feirm an Chaisleáin, Sord.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall	Tógáil Sínte, 13 Sheomra Ranga Ginearálta & Shainsheomra. BOOÁCDL ag obair i gcomhar leis an DOE ar scóip leasaithe. Ordú Taisc eisithe maidir leis an gcóiríocht shealadach atá de dhíth. Obair Deartha ar bun
Coláiste Pobail Ard Giolláin, Fearann an Chaisleáin, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall	Lorgáiodh Tairiscintí le haghaidh Oibreacha Feabhsúcháin. Ag fanacht ar chinneadh ón Roinn Oideachais faoin tairgeoir a n-éireoidh leis. Cinneadh le déanamh go luath
Coláiste Pobail Leamhcáin, Céide na hEascrach, Leamhcán.	Baile Átha Cliath Thiar Theas Comhairle Contae Átha Cliath Theas.	Conraitheoirí Réamhcháilithe. Sainchomhairleoir ag ullmhú freagraí ar bharúlacha ón Roinn Oideachais maidir le réamhcháiliú
Coláiste Chilliaín, 96-116 Seanbhóthar Nangair, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.	Baile Átha Cliath Thiar Theas, Comhairle Contae Átha Cliath Theas.	Ghlac an Roinn Oideachais leis an tairiscint. Eisíodh litreacha ar na Conraitheoirí ar éirigh agus nár éirigh leo
Scoil Speisialta Beinín Casa. 1 Ascaill Chnoc Mhuirfean, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath	Baile Átha Cliath Thoir Theas. Comhairle Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin.	Athchóiriú an fhoirgnimh reatha. Céim 2b le heisiúint chuig an Roinn Oideachais lena faomhadh.
Coláiste Pobail Naomh Caoimhín, Cluain Dolcáin. Baile Átha Cliath 22.	Comhairle Contae Átha Cliath Theas.	Seomraí Ranga Riachtanais Speisialta Oideachais (SEN) 2. Stop curtha le hoibreacha deartha. Meastóireacht ar an Scoil Uile fós ar siúl. Ordú Taisc eisithe maidir leis an gcóiríocht shealadach atá de dhíth. Oibreacha deartha ar siúl
Scoil Speisialta Phobail Danu, Bóthar an Bhearnbhálaigh, Páirc Hans, Baile Átha Cliath.	Co. Bhaile Átha Cliath Thiar. Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall.	Oibreacha foirgníochta fós ar siúl
GS Reachrann, Bóthar Grange Abbey, Baile Átha Cliath 13.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh	Réamhcháiliú conraitheoirí tugtha chun críche. Sainchomhairleoir ag ullmhú freagraí ar bharúlacha ón Roinn Oideachais. Iarratas um Chóras Réamhrabhadh amuigh ar tairiscint

Coláiste Pobail na Sceirí, Sráid Bhaile Brigín, Bóthar Pháirceanna an Bhaile, Na Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh. Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall.	Foireann Deartha faighte ach amháin Ailtire Comhairleach. Tuarascáil bhreise á hullmhú ag BOOÁCDL le heisiúint chuig an Roinn Oideachais
Coláiste Pobail Mhóin Seiscinn, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.	Contae Bhaile Átha Cliath Theas Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	Buiséad Faofa le haghaidh Aonad Riachtanas Speisialta. Foireann deartha á faomhadh.
SEN Páirc Bhaile Choilín, Rualach, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.	Contae Bhaile Átha Cliath Theas Comhairle Contae Átha Cliath Theas.	Tuarascáil Chéim 2b á hullmhú ag an bhFoireann Deartha faoi láthair le heisiúint chuig an Roinn Oideachais le faomhadh a fháil dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile. Ag fanacht ar thoradh tairiscintí maidir le cóiríocht shealadach
Clár Oibreacha Samhraidh 2020.		Na hoibreacha uile 95% tugtha chun críche
TIONSCADAIL CHÓIRÍOCHTA SHEALADACHA 2021		
Ainm & Seoladh an Tionscadail.	Achar.	Stádas/Nuashonrú Tionscadail.
TA Fhine Gall Bóthar Sea Town, Páirceanna an Bhaile, Sord Co. Bhaile Átha Cliath.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall	Plé leanúnach idir an DOE, Comhairle Contae Fhine Gall agus BOOÁCDL.

Réadmhaoin: Samhain 2021.

Réadmhaoin	Nuashonrú	Stádas
Lár Bhaile Dhún Droma, Aonad 2.	Léas imithe in éag ó 2017	Bhreathnaigh Dlíodóirí Eversheds air sin arís agus tá siad le conclúid chríochnaitheach a chur in iúl dúinn; dealraíonn sé go bhfuil síneadh dlíthiúil ar an léas agus go bhfuil ár dtionóntacht sábháilte dá bharr. Ag fanacht ar chonclúid fhoirmiúil.
Teach Mangan, Maigh Eo	Ní mór tailte a aistriú ar ais chuig BOOÁCDL. Úsáid neamhcheadaithe an áitribh. An réadmhaoin fós faoi árachas ag BOOÁCDL.	Tá gach ábhar dlí a bhaineann leis sin ag Eversheds anois. Scríobh siad go foirmiúil chuig an dlíodóir a bhí againn roimhe seo ag iarraidh na comhaid uile. Déanfaidh siad athbhreithniú iomlán ansin ar an tslí le dul ar aghaidh leis an ábhar seo.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Campas Iarthar na Cathrach.	Clárú iomlán tailte leis an Údarás Clárúcháin Maoine, Eversheds ag obair ar na ceisteanna sin faoi láthair agus ba cheart go dtabharfaí chun críche go luath iad. Cás dlí á thógáil ag Tríú Páirtí Brunella maidir le húsáid a bhaint as comhlimistéir i gcodanna áirithe talún. Cead pleanála tugtha don Roinn Oideachais chun dhá scoil a thógáil.	BOOÁCDL páirteach sna himeachtaí anois agus é ag obair le Eversheds. Imeachtaí agus Comhfhreagras ar bun. Cleachtadh leis an PRA beagnach tugtha chun críche. Ag fanacht ar nuashonrú ón Dílódóir. Rochtain ar thailte á hiarraidh ag BOOÁCDL.
Ionad Pobail Fhearann an Chaisleáin.	Comhaontú le CCFG as dáta.	Ag fanacht ar léas comhaontaithe foirmiúil ón ROS le CCFG maidir leis an Ionad Pobail. Tá BOOÁCDL sásta dul ar aghaidh leis anois. Comhaontú ar gach ceist cothabhála tugtha chun críche.
Halla Spóirt Dhomhnach Bat agus Páirc Iomána Uile Aimsire.	Níl aon chomhaontú foirmiúil/chomhaontú os cionn 10 mbliana d'aois ann. Tá an cíos atá á ghearradh ar an halla ró-ard. Todhchaí na páirce imeartha le cinneadh. Níl aon muirear cothabhála á íoc ag BOOÁCDL. Cás dlí fós le réiteach maidir le tuille ar an bpáirc imeartha.	Litir i scríbhinn seolta chugainn ag an mbord a reáchtáil an tIonad Pobail agus an Pháirc Iomána Uile-Aimsire (CLG Ionad Pobail & Fóillíochta Dhomhnach Bat/Phort Reachrann), inar sloinneadh nach bhfuil sé inmharthana ó thaobh an airgeadais de an pháirc imeartha a reáchtáil níos mó. Chomhaontaigh BOOÁCDL agus CCFG ceadúnas chun úsáid an pháirc imeartha a thabhairt do Chlub Haca Phort Reachrann. Tá an ceadúnas á dhréachtú anois agus tá cruinniú eile á eagrú chun téarmaí a chomhaontú. Tá comhaontú cúnamh chaipitil á dhéanamh chun úsáid ag an bpobal a chinntiú. Tá litir fhoirmiúil á seoladh chuig an mbord faoin méid atá muid ag íoc gach bliain as úsáid an halla san Ionad Pobail don scoil. Ní féidir glacadh leis, as seo amach. Ní mór caibidlíocht a dhéanamh agus comhaontú foirmiúil a chur ar bun.
Lárionad na Scéime Malartaithe Ógra	Faoi léas, rinne an tiarna talún iniúchadh sláinte agus sábháilteachta. Tá dhá urlár a thógamar orainn féin mí-oiriúnach faoi shláinte agus sábháilteachta. Ní bhainfidís stádas sábháilteachta dóiteáin amach ach an oiread.	Rachaidh an léas in éag in 2024. Comhaontaíodh imeacht ón áitreabh an tráth sin agus lárionad nua a chuardach. Ní cheadaíonn BOOÁCDL úsáid a bhaint as an dá urlár uachtair mar nach gcomhlíonann siad caighdeán dóiteáin. Rinneadh iarraidh chun na hurláir reatha a uasghrádú. Comhairle dlí á fáil maidir leis sin agus tuarascáil á leagan amach ag Ailtire.
Seanstáisiún na nGardaí, Baile Bhlainséir.	Is mian le hOifig na nOibreacha Poiblí comhaontú ar bhonn foirmiúil a dhéanamh, níl aon chomhaontú ann faoi láthair, cé gur thionóntaí sinn le 20 bliain anuas.	Ag caint le hOifig na nOibreacha Poiblí chun tionóntacht a chur ar bhonn foirmiúil ansin le léas. Ag féachaint ar an bhfoirgneamh malartáin a bhfuil a léas imithe in éag ó 2017.

Beart Clárúcháin Maoine.	Ní mór gach maoin a chlárú. BOOÁCDL ag obair le Dlíodóir agus leis an Roinn Oideachais.	Ar Bun. Céim a trí tugtha chun críche. Ag dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile. Nuashonruithe tugtha don Roinn Oideachais. Tá orainn comhaontú foirmiúil a fháil maidir le gach léas roimhe seo a bhí i bhfeidhm roimh 2015. Tosóidh an fhoireann mhaoine air sin chomh luath agus a bheidh an clárúchán tugtha chun críche.
Halla Spóirt Bhaile Brigín.	Ar ais chuig cuspóir bunaidh.	Tá an Giomnásiam agus an Halla ar ais anois agus tá grúpa stiúrtha á chur ar bun. Téarmaí tagartha á ndréachtú chun cuidiú leis an ionad a stiúradh i dtreo dhul chun cinn.
An tIonad Spóirt, Pháirc Bhaile Choilín.	An tIonad a úsáid	Ceadúnas á eisiúint chuig Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Átha Cliath Theas chun an giomnásiam a úsáid le haghaidh ranganna.
Coláiste Pobail Lusca	Mol Spóirt nua in aice na scoile	Cruinnithe chun breathnú ar cheadúnas sealadach a chur ar bun leis an gclub lúthchleasaíochta áitiúil chun rochtain a fháil ar an gcarrchlós.

5.3 Nuashonruithe ar Phróifílí na Foirne Tugtha ar Aird

Daoine ag dul ar scor

Ceapacháin & Arduithe Céime

Clár Rioscaí: Tugtha ar aird

Thug Debbie nuashonrú do na comhaltaí faoin dul chun cinn atá déanta ar dhuine nua teacht in ionad Eileen Salmon ar an mBord. Tá súil ag Comhchoiste na mBainisteoirí go mbeidh ainmniúchán faighte tráth an chéad chruinniú BOO eile i mí Eanáir.

Chomhaontaigh comhaltaí boird go ndéanfar cruinnithe BOO a thaifeadadh ag tosú sa bhliain nua. D'iarr comhalta cibé an bhféadfaí an loga gníomhartha a chur ar bun arís.

6. Ábhair arna gCur faoi Bhráid ag an mBord/Coistí an Bhoird

Ar aon dul le Buanorduithe

7. An chéad chruinniú eile: An 17 Eanáir 2022